



Lucsamburg, 24.08.2022

TAGAIRT:

CDT-AD6-2022-03

**AN TÓIFIGEACH A BHFUIL BAINISTÍOCHT RIOSCA AGUS
COMHORDÚ RIALAITHE INMHEÁNAIGH DE CHÚRAM AIR (ORMIC)**

GRÁD:

AD 6

ROINN:

AN ROINN TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

ÁIT FOSTAÍOCHTA:

LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Is i Lucsamburg atá sé lonnaithe. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é, agus tá thart ar 220 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun freastal ar riachtanais na **Roinne Riaracháin**, agus go háirithe ar riachtanais na Rannóige Pleanála Straitéisí, tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin d'fhonn liosta ionadaithe a tharraingt suas¹ ar a mbeidh 10 n-iarrthóir ar a mhéad chun baill foirne shealadacha a earcú² faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

CÚRAIMÍ

Agus é/í ag tuairisciú go díreach do Cheann na Rannóige Forbartha Straitéisí, beidh an t-iarrthóir a roghnófar freagrach as na tascanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- Féinmheasúnuithe ar rialú inmheánach agus ar an gCreat Rialaithe Inmheánaigh a eagrú agus a chomhordú;
- Na measúnuithe tréimhsiúla riosca a eagrú agus a chomhordú;
- Cur chun feidhme córas rialaithe inmheánaigh agus measúnú riosca san Ionad Aistriúcháin a dhearadh, a chur chun cinn, a éascú agus faireachán a dhéanamh air;
- Staid na gcóras rialaithe inmheánaigh agus measúnaithe riosca san Ionad Aistriúcháin a tharraingt suas, a athbhreithniú agus a mheasúnú;
- Bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar an Measúnú ar Éifeachtacht na gCóras Rialaithe Inmheánaigh agus an Dearbhú Dearbhaite a ullmhú lena fhorghnóthacht ag Stiúrthóir an Ionaid Aistriúcháin;
- An straitéis le haghaidh na gcóras bainistíochta eagrúcháin agus rialaithe inmheánaigh a ullmhú;
- Bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar an gclár rioscaí agus ar chlár na n-eisceachtaí agus an neamhchomhlíonta;

¹ Féadfar an liosta ionadaithe céanna sin a úsáid chun baill foirne shealadacha a earcú faoi Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus chun foireann ar conradh a earcú faoi Airteagal 3(a) de na Coinníollacha céanna sin. Is féidir an liosta ionadaithe a roinnt le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais freisin i gcás riachtanais seirbhíse.

² Baill foirne inmheánacha atá fostaithe mar fhoireann shealadach faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (grúpa feidhme AD5-AD12), is féidir leo an foilseachán seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar fhoilsiú inmheánach.

- Idirchaidreamh agus comhordú a dhéanamh le Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí an Choimisiúin (IAS);
- Tacú le Ceann na Rannóige Pleanála faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm moltaí iniúcháireachta;
- Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le gníomhaíochtaí eile de chuid na Rannóige Pleanála Straitéisí, go háirithe maidir le bainistíocht cáilíochta.

1. CEANGLAIS GHINEARÁLTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ:

Chun bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir, ar 21.09.2022, an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach, na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

a) CRITÉAR INCHÁILITHEACHTA:

- a bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach;
- leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán Ollscoile trí bliana ar a laghad arna fhianú le diplóma a bheith acu³;
- Chun bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh ar an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach;
- scileanna teanga: eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith acu ar theanga oifigiúil eile an Aontais Eorpaigh, sa mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

b) EOLAS AGUS SCILEANNA TEICNIÚLA:

- Taithí oibre 3 bliana ar a laghad sna réimsí sin a bhfuil dlúthbhaint aici leis na cúraimí atá sonraithe thuas ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais Eorpaigh;
- Taithí ar chreataí rialaithe inmheánacha in eagraíochtaí a mheas;
- Taithí ar bheartais, próisis agus nósanna imeachta a dhréachtú, a cheapadh agus a chur chun feidhme i réimse na rialuithe inmheánacha, na hiniúcháireachta agus na bainistíochta riosca;
- Eolas maith faoin gcreat dlí, riaracháin agus airgeadais a bhaineann le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí AE.

c) SCILEANNA NEAMHTHEICNIÚLA RIACHTANACHA:

- Cumas idirphearsanta: cumas chun obair a dhéanamh ar bhealach trédhearcach mar chuid d'fhoireann agus chun cumarsáid a dhéanamh le daoine ar gach leibhéal (inmheánach agus seachtrach).
- Cumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal: cumas chun tuarascálacha a scríobh agus chun ábhar a chur i láthair, cur chuige córasach.

³ Ní chuirtear san áireamh ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údarais sna Ballstáit sin.

- Dearcadh réamhghníomhach: díriú ar thorthaí a bhaint amach, agus an-spéis i dtionscnaimh chomhordaithe a ghlacadh chuige/chuici féin.
- Tuiscint ar fhreagracht: discríd, rúndacht, beachtas, infhaighteacht, éifeachtúlacht agus poncúlacht.
- Scileanna eagrúcháin: cumas chun tascanna éagsúla a bhainistiú agus chun spriocanna a leagan síos, cur chuige modheolaíoch agus forásach a bheith acu, solúbthacht.
- Inoiriúnaitheacht: cumas chun obair go maith faoi bhrú agus chun cabhrú le daoine eile, cumas chun a gcuid scileanna a mhéadú agus chun oiriúnú d'fhorbairtí sa timpeallacht TF.
- Ar mhaithe le cúiseanna oibríochtúla, eolas an-mhaith ar an mBéarla⁴, chomh maith le heolas maith⁵ ar an bhFraincis (a mheasfaí mar bhuntásite).

2. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN:

a) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN:

Cuirfear an chéim réamhroghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

- Beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta thuasluaite (pointe 1(a)) agus is é an aidhm atá leis an gcéad chuid a dhearbhu cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá sonraithe sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na ceanglais sin.
- Sa dara cuid, cuirfear san áireamh an taithí ghairmiúil agus na gnéithe eile a luaitear i bpointe 1(b), 'Scileanna teicniúla riachtanacha'. Déanfar an chuid seo a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 12).

Tabharfaidh an coiste roghnúcháin cuireadh don 20 iarratasóir ar éirigh leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a ghnóthaigh na marcanna is airde chun triail scríofa a dhéanamh agus freastal ar agallamh.

b) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN:

Leanann an chéim roghnúcháin an nós imeachta a bhfuil cur síos déanta air thíos. Beidh dhá thástáil i gceist leis:

(i) Triail scríofa i mBéarla ina mbeidh:

- *ceistneoir ilrogha (15 gceist) chun measúnú a dhéanamh ar an méid atá ar eolas ag iarratasóirí faoi réimse an phoist a fógraíodh.*

Fad: 30 nóiméad.

- *cás-staidéar chun measúnú a dhéanamh ar scileanna scríofa, scileanna anailíseacha agus scileanna na n-iarratasóirí i réimse an phoist a fógraíodh.*

Fad: 1 uair agus 30 nóiméad.

Marcálfar an triail scríofa as 20, agus dáilfear í mar seo a leanas: beidh 8 bpointe san áireamh sa cheistneoir ilrogha agus beidh 12 phointe sa chás-staidéar (pasmharc iomlán: 12).

⁴ Leibhéal C1 den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE).

⁵ Leibhéal B2 den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE).

Tabhair do d'aire, ní mór d'iarratasóirí arb é an Béarla a bpríomhtheanga as a fháil sna trialacha a sa dara teanga.

- (ii) *Agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh, chun oiriúnacht na n-iarratasóirí na dualgais atá sonraithe thuas a chomhlíonadh a mheas. Díreofar san agallamh freisin ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar na scileanna inmhianaithe atá liostaithe i bpointe 1(b) agus (c).*

Tabhair do d'aire nach dtabharfar cuireadh chun agallaimh ach amháin d'iarratasóirí ar éirigh leo sa triail scríofa.

Is i mBéarla den chuid is mó a reáchtálfar an t-agallamh. D'fhéadfaí an t-eolas ar na teangacha eile atá curtha in iúl ag iarratasóirí a thástáil freisin.

Mairfidh an t-agallamh thart ar 45 nóiméad agus marcálfar é as 20 (pasmharc: 12).

Reáchtálfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg nó go cianda.

A luaithe is a bheidh an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an coiste roghnúcháin liosta ionadaithe ina gcuimseofar na hiarratasóirí a n-éireoidh leo in ord aibítre. Is iad na hiarratasóirí a n-éireoidh leo na hiarratasóirí a ghnóthaigh an pasmharc iomlán riachtanach sa triail scríofa agus an pasmharc san agallamh (féach pointe (i) agus pointe (ii)).

Tabhair do d'aire le do thoil nach dtugann áireamh ar liosta ionadaithe gealladh earcaíochta.

Ní mór d'iarratasóirí ar tugadh cuireadh dóibh an triail scríofa a dhéanamh agus freastal ar an agallamh, ar lá an agallaimh, na doiciméid ábhartha a sholáthar a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis atá luaite ar an bhfoirm iarratais, mar atá cóipeanna de dhioplómaí, de theastais agus de dhoiciméid eile a fhianáin a dtaithí ghairmiúil agus a léiríonn go soiléir dátaí tosaigh agus deiridh an phoist, an post a bhí ag an iarratasóir, nádúr beacht na gcúraimí i gceist, etc. Má dhéantar na trialacha go cianda, féadfaidh iarratasóirí cóip de na doiciméid tacaíochta a iarrtar thuas a sheoladh trí ríomhphost chuig: E-Selection@cdt.europa.eu

Sula síneofar aon chonradh, ní mór d'iarratasóirí ar éirigh leo, na bunchóipeanna agus na cóipeanna dílse deimhnithe de gach doiciméad ábhartha a chur isteach d'fhonn a chruthú go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 31 Nollaig 2023 agus féadfar síneadh a chur leis de rogha údarás an Ionaid Aistriúcháin a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

3. EARCAÍOCHT:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (in-athnuaite) a thairiscint d'iarratasóirí roghnaithe i gcomhréir le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Má éilíonn leibhéal rúndachta na hoibre a rinneadh a leithéid, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an iarrthóir a roghnófar imréiteach slándála a iarraidh.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil chuig an nGrúpa Feidhme/Grád AD6. Is ionann an buntuarastal míosúil do ghrád AD6 (céim 1) agus EUR 5.805,35⁶. Anuas ar an mbuntuarastal, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntais éagsúla a fháil, liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16 % den bhuntuarastal), mar shampla, srl.

⁶ Buntuarastal míosúil bailí ón 1 Eanáir 2022. Sa bhreis ar an mbuntuarastal míosúil, féadfaidh baill foirne shealadacha a bheith incháilithe do liúntais éagsúla a fháil bunaithe ar a staid phearsanta.

Ina theannta sin, le bheith incháilithe, agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarrthóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí faoin dlí lena rialaítear seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na ndualgas atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)⁷;
- dul faoi scrúdú leighis atá eagraithe ag an Ionaid Aistriúcháin d'fhonn ceanglais Airteagal 12 (2) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

4. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS:

Ní mór d'iarratasóirí ar spéis leo an post seo a n-iarratas ar líne a líonadh isteach in Systal (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) roimh an sprioc-am.

Sula gcuirfidh siad an fhoirm iarratais isteach, ní mór d'iarratasóirí a sheiceáil go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta ar fad atá liostaithe san fhógra folúntais, go háirithe i dtéarmaí cáilíochtaí agus taithí ghairmiúil ábhartha.

Molaimid go láidir duit gan fanacht go dtí na laethanta deiridh le hiarratas a dhéanamh. Is léir ón taithí a fuarthas gur féidir an córas a ró-ualú de réir mar a théann an sprioc-am chuige, rud a fhágann go bhfuil sé deacair an t-iarratas a chur isteach in am.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus glacann sé le hiarratais beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó claonadh gnéasach, gan beann ar mhíchumais, stádas pósta ná staid teaghligh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Ceanglófar ar an iarratasóir a n-éireoidh leis nó léi dearbhú a dhéanamh trína ngeallann sé nó sí gníomhú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail, chomh maith le dearbhú a bhaineann le haon leas a d'fhéadfaí a fhorléiriú mar dhearbhú a dhéanfadh dochar dá neamhspleáchas.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA:

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí a mheasann go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag pointe ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an choiste roghnúcháin tuilleadh sonraí a thabhairt faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chomhdú leis an Ombudsman Eorpach (féach larscríbhinn I).

IARRATAÍ Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINNEANN LEO

Tá an ceart sonrath ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. De bhua an chirt sin, féadfar faisnéis fhorlíontach maidir lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a chur ar fáil d'iarratasóirí arna iarraidh sin dóibh. Ní mór d'iarratasóirí a n-iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid Chathaoirleach an choiste roghnúcháin laistigh de mhí amháin tar éis fógra a fháil faoi na torthaí a fuarthas le linn an nós imeachta roghnúcháin.

⁷ Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

Gheobhaidh siad freagra laistigh de mhí amháin. Déileálfar le hiarrataí agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an choiste roghnúcháin i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin (ina cháil mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go bpróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarratasóirí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295, Ich. 39). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Tá sé de cheart ag iarratasóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí tráth ar bith (edps@edps.europa.eu).

Féach an [fógra príobháideachais sainiúil](#)

IARSCRÍBHINN 1 IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ – NÓS IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Tá na Rialacháin Foirne infheidhme maidir le nósanna imeachta roghnúcháin agus, dá bhrí sin, tá gach nós imeachta faoi rún. Má mheasann iarratasóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearna cinneadh ar leith dochar dá leasanna, féadfaidh siad tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

I. IARRATAÍ AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

Seol litir, ag iarraidh faisnéis bhreise nó athbhreithniú agus ag sonrú do cháis, chuig:

Cathaoirleach an choiste roghnúcháin CDT-ACIII-2019/03

An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir inar cuireadh an cinneadh in iúl duit. Seolfaidh an coiste roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

Féadfar gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

Faoi bhráid: An tÚdarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a thabhairt i gcrích CDT-AD5-2020/03

An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

I gcás an dá chineál nós imeachta sin, tosóidh na spriocdhátaí a shonraítear (sna Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287, 29.10.2013, Ich. 5 – <http://eur-lex.europa.eu/homepage.html>) ón dáta a dtabharfar fógra d'iarratasóirí faoin ngníomh a líomhnaítear a dhéanann dochar dá leasanna.

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil an chumhacht ag an Údarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích cinntí an choiste roghnúcháin a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte Breithiúnais nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag coistí roghnóireachta faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gcoistí roghnóireachta.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Féadfaidh iarratasóirí a ngearán a chur chuig:

An tOmbudsman Eorpach

1 avenue du Président-Robert-Schuman – CS 30403

F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom (IO L 253, 16.7.2021, lgh. 1-10).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin a chur isteach nó maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin, faoi Airteagal 2(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom, nach mór dul i dteagmháil ar na dóigheanna cuí leis na hinstiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéanfar aon ghearán leis an Ombudsman.